

Innealtóireacht

Jct4 Nuachtlitir

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Bunaíodh an tSraith Shóisearach do Múinteoirí chun múinteoirí a **spreagadh, tacaíocht a chur ar fáil dóibh** agus iad **a chumasú** chun oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn

Tús a chur le MRB 1 don Innealtóireacht

De réir mar a leanann scoláirí Innealtóireachta Dara Bliain ar aghaidh lena dturas foghlama, tosóidh siad ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 "Innealtóireacht á Cur i nGníomh" idir an 6 Eanáir agus an 14 Bealtaine 2021. Is féidir teacht ar **eiseamláirí de shaothar scoláirí** anois ar www.curriculumonline.ie, a chabhróidh le múinteoirí breithiúnas gairmiúil a thabhairt maidir le caighdeán oibre na scoláirí roimh agus le linn phróiseas AFMÁ. Tá seimineár gréasáin deartha agus tugtha ag an bhfoireann Innealtóireachta a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le múinteoirí scoláirí a ullmhú go leor lena gcuid scileanna a fheabhsú roimh MRB 1 agus ina dhiaidh. Tá nasc chuig an seimineár gréasáin le fáil [anseo](#).


Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, tá súil againn go raibh bliain thorthúil agus thaitneamhach agat go dtí seo, cibé acu a theagasc tú scoláirí sa seomra ranga nó a bhí tú ag plé le scoláirí ag foghlaim ón mbaile. Le linn an ama seo, leanfaidh muidne orainn ag forbairt ár gcuid acmhainní, agus cabhróidh sé sin le múinteoirí cur chuige comhtháite a bheith acu i leith na gceachtanna praiticiúla agus teorice. Is féidir dul i dteagmháil lenár sainchomhairleoirí Innealtóireachta tríd an gcluaisín **Baill Foirne** ar jct.ie.

Cnuaslá FGL Innealtóireachta Ar Líne

Beidh ár gCnuaslá FGL Innealtóireachta ar líne ar siúl trí Zoom i mbliana idir Eanáir agus Márta 2021. Mar fhreagra ar aiseolas ó mhúinteoirí ó chnuascheardlanna roimhe seo, rachaidh múinteoirí i ngleic le Snáithe na Meicitreonaice agus go háirithe le 'micro:bit' agus leis an 'Bord Róbataice Uilechuimsitheach' chun gníomhaíochtaí a éascú ag úsáid bogearraí ríomhaireachta. Breathnóidh múinteoirí freisin ar chuir chuige éagsúla maidir le teagasc agus foghlaim sa seomra ranga, conas is féidir le scoláirí dul i mbun Measúnuithe Rangbhunaithe agus conas a ullmhóidh múinteoirí iad féin roimh chruinniú AFMÁ agus ina dhiaidh.

Mechatronics diagram



Priontáil 3T i gCeardlann Roghnach an tSeomra Ranga

Bhí an-áthas ar fhoireann Jct4 tús a chur le ceardlann nua roghnach Dé Máirt 19 Eanáir ar a dtugtar 'Priontáil 3T sa Seomra Ranga' le tacaíocht ó 3D WIT, I-Form agus maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tugann an cheardlann roghnach seo deis do mhúinteoirí ó gach ceann de na ceithre hábhair Theicneolaíochta dul i mbun bunghnéithe de Phriontáil 3T, Sláinte agus Sábháilteacht, TinkerCad, Bogearraí Cura, ullmhúchán i bPriontáil 3T agus cothabháil printéirí éagsúla 3T. Is cinnte go mbainfidh na rannpháirtithe uile tairbhe as. Níl aon áit fágtha ar cheann ar bith de na ceardlanna anois ach tá sé beartaithe níos mó ceardlann roghnach ar phriontáil 3T a reáchtáil go luath amach anseo.

3D Printing in the Classroom - Creativity and Design



Seachtain na nInnealtóirí agus ETI(E)M

Le linn Sheachtain na nInnealtóirí 2020, bhí áthas mór orainn múinteoirí agus scoláirí a fheiceáil ag plé le gníomhaíochtaí agus ag cur ábhar na hInnealtóireachta chun cinn san oideachas dara leibhéal agus táimid ag tnúth le níos mó den chineál céanna a fheiceáil i mbliana.




Grafaic faisnéise ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe Ceisteanna Coitianta



Pleanáil do Mheasúnuithe Rangbhunaithe



Innealtóireacht Roghnach



Má tá tú ag úsáid uirlisí sruthú físe nó ag pleanáil ar a n-úsáid le haghaidh na foghlama ar líne ón mbaile, is féidir iad a chomhcheangal le cur chuige seomra ranga saor in aisce micro:bit: chun meicireonaic agus códú a mhúineadh ón mbaile. Ní gá do scoláirí gaireas micro:bit a bheith acu chun seomra ranga micro:bit a úsáid mar gur féidir leo an t-ionsamhlóir a ríomhchlárú in MakeCode. Thug an Fhoireann Innealtóireachta seimineár gréasáin tosaigh ar TinkerCad agus ar Mheicireonaic agus is féidir teacht orthu trí chliceáil ar an nasc [anseo](#).

Cuirfead tús le Seachtain na hInnealtóirí Dé Luain 1 Márta agus críochnóidh sí ar an Aoine 5 Márta. Déan tagairt do [@Jct4ed](#) ar an gcóras Giolcaireachta nó seol íomhánna / físeáin chun aird a tharraingt ar na gníomhaíochtaí éagsúla a tharlaíonn laistigh de do scoil. Is comhpháirtíocht roghnach í ETI(E)M sa tSraith Shóisearach idir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus comhpháirtithe for-rochtana oideachais ó réimsí ETIM agus na nEalaíon. Is í an fhís atá aici "Eispéiris shaibhre foghlaim ghairmiúil ETI(E)M a chur ar fáil do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr. Leis an bhforáil seo, beifear in ann freagairtí idirdhisciplíneacha a thabhairt ar dhúshláin sa tsochaí i gcomhthéacsanna atá sainiúil don ábhar agus traschuraclaim". Beidh foireann Innealtóireachta Jct4 agus Foireann ETI(E)M na Sraithe Sóisearaí ag cur chun cinn an obair thábhachtach a dhéantar sna réimsí seo. Coinnigh súil ar an Nuacht agus ar Imeachtaí Jct4 [anseo](#) agus Nuacht agus Imeachtaí ETI(E)M [anseo](#).

Ag Plé le Meicireonaic

Gheobhaidh gach múinteoir Innealtóireachta atá cláraithe don chnuascheardlann FGL ar líne acmhainn Meicireonaice Teagaisc agus Foghlama. Tá roinnt de na comhpháirteanna nach mbeidh ag teastáil le linn cheardlann FGL na bliana seo ach úsáidfead iad i gceardlanna FGL amach anseo. Cuireadh múinteoirí ar an eolas tríd an liosta seachadta inar féidir teacht ar an litir teagaisc don chóimeáil agus ar an loga foghlama don cheardlann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara cé go mbeidh múinteoirí ag plé le [torthaí foghlama](#) sa snáithe Meicireonaice ar nós 3.6: córais bhunúsacha meicireonaice **a chumrú** agus **a fheidhmiú** le bogearraí cuí; 3.8: córas bunúsach meicireonaice le hionchuir nó aschuir shonracha **a thógáil** agus **a thástáil**; agus 3.9: meicireonaic bhunúsach **a chuimsiú** ina dtáirgí innealtóireachta; is fearr an cur chuige comhtháite sa Mheicireonaic chun cabhrú le rannpháirtíocht scoláirí san Innealtóireacht.



Innealtóireacht sa domhan timpeall orainn

Chun 'Meoin na hInnealtóireachta' a fhorbairt agus scoláirí a mhealladh i saol na hInnealtóireachta timpeall orthu, bímid ag lorg earraí, físeáin agus ábhair éagsúla tacaíochta i gcónaí chun intinn na scoláirí a spreagadh. D'fhéadfadh na naisc thíos treoir a thabhairt i roinnt gníomhaíochtaí suimiúla bunaithe ar na torthaí foghlama seo a leanas:

1.5 taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna na bhforbairtí teicneolaíochta reatha agus na bhforbairtí atá ag teacht chun cinn <https://www.intel.com/content/www/us/en/tech-tips-and-tricks/virtual-reality-vs-augmented-reality.html>

1.6 dul i ngleic le disciplíní innealtóireachta éagsúla trína gceangal le húsáidí laethúla. <https://irishtechnews.ie/engineering-graduates-in-demand/>

2.4 an tionchar a fhiosrú a bhíonn ag dearadh ar fheidhm agus ar cháilíocht táirge lena n-áirítear breithnithe eirgeanamaíochta. <https://www.youtube.com/watch?v=qiHvxarRE3w>

DúshlAin Innealtóireacht don fhoghlaim ón mBaile

D'fhorbair foireann Jct4 sraith de dhúshlAin sheachtainiúla do scoláirí, ar fud ábhair na dTeicneolaíochtaí, chun obair phraiticiúil / thionscadail a dhéanamh ón mbaile. D'fhéadfadh na dúshlAin seo a bheith oiriúnach chun smaointe agus cuir chuige a thriail le scoláirí sa chéad bhliain agus sa dara bliain agus iad a spreagadh le dul i gceann na foghlama ón mbaile arís. Is féidir nasc chuig na dúshlAin seo a fháil faoi [acmhainní](#) sa rannán Teicneolaíochtaí de láithreán gréasáin [jct.ie](#).

Nuacht agus imeachtaí

Lean ar aghaidh ag spreagadh do chomhghleacaithe clárú lenár liosta seachadta ar an nasc anseo. Féach ar an gcluaisín [nuacht agus imeachtaí](#) againn laistigh de rannóg Teicneolaíochtaí [jct.ie](#) agus lean sinn ar ár leathanach Giolcaireachta [@Jct4ed](#). Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le haon bhall den fhoireann le do cheisteanna trí ríomhphost. Is féidir na seoltaí ríomhphoist a fháil sa chluaisín [Baill Foirne](#) ar leathanach baile [jct.ie](#). Guímid gach rath ar mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí don bhliain atá romhainn.



Continue to encourage your colleagues to sign up to our mailing list on the link opposite. Watch our [news and events](#) tab within the Technologies' section of [jct.ie](#) and follow us on our Twitter page [@Jct4ed](#). Please feel free to contact any member of the team with your queries via email. The email addresses can be found in the [Meet the Team](#) tab on the [jct.ie](#) homepage. We would like to wish teachers, students and parents the best for the year ahead.

Le dea-mhéin,
Foireann Innealtóireachta Jct4

Cumarsáid



www.jct.ie



[Mailing List](#)